# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **nua**?
   (a) Sona sásta
   (b) Briste
   (c) Úr

2. Tá an focal **snasta** sa téacs. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **os ard**?
   (a) Go híseal
   (b) Ar dóigh
   (c) Os cionn

4. Bíonn mothúcháin dhifriúla ar dhaoine in amanna. Luaigh 3 mhothúchán a bhíonn ort féin.

## Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?

2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?

3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.

4. Cén fáth a raibh Lorcán agus Róise ag geataí na scoile ag fanacht leis an bheirt nua, do bharúil?

5. An cuimhin leat do chéad lá féin ar scoil? Cad é mar a mhothaigh tú?

cea
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

1 An Scoil Nua

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam
Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## An Scoil Nua

# An Scoil Nua

**Radharc 1 – Sa teach agus i gclós na scoile**

*(Osclaíonn an dráma le Mamaí agus Daidí sa chistin ag fanacht leis na páistí déanamh réidh le dul ar scoil. Tá ruaille buaille ann sa teach.)*

**Mamaí:** Ó, a Dhaidí, tá súil agam go mbainfidh na páistí sult as an scoil **nua** s'acu. An bhfuil tú cinnte gur scoil mhaith í?
**Daidí:** Beidh siad go breá, a stór. Labhair mé féin leis an phríomhoide agus bhí sí an-deas ar fad. Fan go bhfeicfidh tú, beidh siad i gceart.
**Mamaí:** Óch, tá súil agam go bhfuil an ceart agat.
**Lára:** *(Ag scairteadh **os ard**)* A Mhamaí, a Mhamaí! Cá bhfuil mo charbhat? Ní thig liom teacht air.
**Mamaí:** Tá sé sa chófra ag barr an staighre, go díreach san áit ár fhág tú aréir é!
**Doiminic:** A Dhaidí, a Dhaidí! Cá bhfuil mo bhróga reatha? Tá siad caillte!
**Daidí:** Tá siad ar do chosa! Nach tú atá dall?

*(Tagann na páistí isteach sa chistin agus labhraíonn siad lena dtuismitheoirí.)*

**Mamaí:** Anois a stór, nach **snasta** atá tú i d'éide scoile? Tabhair póg do do mhamaí.
**Lára:** Stad de sin anois, a Mhamaí!

*(Fágann an bheirt acu slán ag a dtuismitheoirí agus imíonn siad leo go malltriallach ag siúl ar scoil. Baineann siad geataí na scoile amach agus stopann siad beirt le hamharc ar na páistí eile sa chlós. Tá na páistí uilig ag súgradh ann. Tagann beirt, Róise agus Lorcán, a fhad leo.)*

**Lorcán:** Dia daoibh. Is mise Lorcán agus seo Róise. Dúirt an príomhoide go mbeadh sibh ag tosú inniu. Tá sé iontach deas bualadh libh.
**Doiminic:** Agus libh féin.
**Róise:** Tá muid ag dul a thosú ar chluiche nua anois. Ar mhaith libh a bheith linn?
**Lára:** Ba bhreá linn! Go raibh míle maith agaibh.

*(Siúlann an bheirt acu isteach sa chlós agus aoibh an gháire ar a n-aghaidheanna.)*

**Lára:** **Sílim** go mbeidh muid ceart go leor sa scoil nua.
**Doiminic:** Is cinnte go mbeidh!

# Ceisteanna

**1. Cá háit a bhfuil an dráma seo suite?**
(a) I gclós na scoile agus sa bhialann
(b) I gcistin na bpáistí agus i gclós na scoile
(c) Ag geataí na scoile agus in oifig an phríomhoide

**2. Cén fáth a bhfuil imní ar Mhamaí?**
(a) Níl sí cinnte faoin scoil nua
(b) Tá eagla an domhain ar na páistí
(c) Tá siúlóid fhada ann go dtí an scoil

**3. Cé acu abairt atá fíor?**
(a) Tá Daidí iontach buartha faoin scoil nua
(b) Tá Daidí sásta leis an scoil nua
(c) Ní duine deas í an príomhoide

**4. Cad é mar a chuaigh na páistí chuig an scoil?**
(a) D'fhág Daidí ar scoil sa charr iad
(b) Shiúil siad
(c) Fuair siad an bus

**5. Cad é a tharla nuair a bhain siad an scoil amach?**
(a) Shiúil siad go díreach isteach sa rang
(b) Bhuail an príomhoide leo ag na geataí
(c) Bhuail beirt pháistí eile leo ag na geataí

**6. Cad é mar a mhothaigh Doiminic agus Lára ag an deireadh, do bharúil?**
(a) Ní raibh siad cinnte faoin scoil nua
(b) Bhí siad iontach buartha
(c) Bhí siad iontach sásta

**7. Tá an briathar sílim in úsáid:**
(a) san aimsir chaite.
(b) san aimsir fháistineach.
(c) san aimsir láithreach.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Dialann
(b) Fógra
(c) Dráma